


| | |
|---|---|
| **Coláiste \| Aonad Bainistíochta** | Gnóthaí Acadúla |
| **Scoil \| Aonad** | Seirbhísí TF |
| **Teideal an Phoist & Limistéar Ábhair** *(más ábhartha)* | Bainisteoir Tionscadail HPC |
| **Tréimhse an Phoist** | Post Buan (agus Painéal Sealadach 12 mhí, Téarmaí agus Coinníollacha ceangailte) |
| **Grád** | Oifigeach Riaracháin IA |
| **Cnuasach Post agus Leibhéal Gairme** | Teicneolaíocht Faisnéise– Leibhéal Gairme 5 |
| **Uimhir Thagartha don Ghrádú Poist** | 2024-11-048 |
| **Bainisteoir Líne** | Ceann Taighde TF nó a (h)ainmní |
| **Uimhir Thagartha an Chomórtais.** | 017973 |
| **Riarthóir AD** | Yasemin Ozdemir |

## Achoimre ar an bPost:

Tá Seirbhísí TF UCD freagrach as ceapadh, forbairt, cur i bhfeidhm, bainistíocht agus tacaíocht réimse leathan réiteach TF agus seirbhísí digiteacha chun tacaíocht a thabhairt do bhaill foirne, do mhic léinn agus do thaighdeoirí i dtaca lena gcuid oibre ar son na hOllscoile.

Tá Seirbhísí IT ag iarraidh ról Bhainisteoir Tionscadail HPC (An Ríomhaireacht Ardfheidhmíochta) a líonadh ar an bhfoireann Taighde TF. Beidh an té a cheapfar ina b(h)all lárnach den fhoireann TF atá freagrach as HPC/SI, bainistíocht sonraí, óstáil ionad sonraí agus seirbhísí oiliúna a chur ar fáil don phobal taighde in UCD. Don phost seo, éilítear scileanna láidre teicniúla chomh maith le scileanna forbartha deiseanna agus scileanna bainistithe tionscadal, agus tá sé oiriúnach do dhuine éigin a bhfuil fonn air/uirthi a c(h)uid scileanna in HPC a fhorbairt. Is post tábhachtach TF é agus tá sé riachtanach chun seirbhísí HPC/SI a sholáthar go héifeachtach.

Is éard atá mar chuid de bhonneagar HPC/SI reatha ná:

- Freastalaithe fiontraíochta Dell, lena n-áirítear comhábhair GPU Nvidia
- Redhat Linux
- Córas comhad comhuaineach BeeGFS
- Lasc-chláir Mellanox Infiniband
- Uirlisí bainistithe freastalaithe Satellite agus Ansible
- Fíordheimhniú Ldap
- Scriptiú Bash
- Suiteálacha bogearraí foinse oscailte – lena n-áirítear Anaconda, R, Tensorflow etc

## Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí:

- Bonneagar TF HPC/IS a chothabháil agus a fhorbairt (faoi mar a shonraítear thuas).
- A bheith i gceannas ar sholáthar seirbhíse amháin nó níos mó ón gCatalóg Seirbhísí TF, HPC san áireamh.
- Tionchar agus feidhmíocht na seirbhísí seo a thomhas.
- Acmhainní tacaíochta agus ceardlanna oiliúna HPC a fhorbairt agus a chur ar fáil.
- A bheith ar thús cadhnaíochta maidir le pleanáil straitéiseach TF chun riachtanais ríomhaireachta reatha agus na todhchaí a shásamh.

- Obair le bonn custaiméirí ilghnéitheacha chun réitigh a chur i bhfeidhm a thagann go dlúth le riachtanais Ghnó na hOllscoile i dtaca le ríomhaireacht Taighde agus HPC.
- A chinntiú go bhfuil slándáil, measúnú riosca agus feidhmiú TF i gcomhréir le príomhbheartais agus príomhnósanna imeachta slándála UCD, agus a chinntiú go gcuirtear na seirbhísí ríomhaireachta seo ar fáil ar bhealach slán, comhsheasmhach, athléimneach agus éifeachtúil.
- Ceisteanna teicniúla a fhreagairt ón dámh, baill foirne agus mic léinn; Teagmháil a dhéanamh le Príomhthaighdeoirí agus baill foirne grúpaí taighde/na hinstitiúide maidir leis an soláthar seirbhísí ríomhaireachta; de chumhacht acu fadhbanna a réiteach ar bhonn ad hoc.
- Obair le comhghleacaithe in aonaid eile de chuid na hOllscoile chun seirbhís HPC ceann go ceann chomhtháite a sholáthar. I measc na n-aonad eile, beidh Taighde UCD, Oifig Dlí UCD agus Eitic UCD
- Ionadaíocht a dhéanamh do Sheirbhísí TF ar thionscnaimh UCD agus tionscnaimh HPC náisiúnta nuair is gá, leithéidí ionad náisiúnta Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta ICHEC (Ionad na hÉireann um Ríomhaireacht Ardleibhéil), HEAnet, OGP etc.
- Fanacht ar an eolas faoi riachtanais UCD, riachtanais Náisiúnta, riachtanais AE, riachtanais Gníomhaireachtaí Cistiúcháin agus riachtanais idirnáisiúnta agus faoi dhea-chleachtas sa réimse seo.
- Obair chun seirbhísí a chur ar fáil a chloíonn le beartais UCD ábhartha.
- Sraith tionscadal a bhainistiú, lena n-áirítear tionscadail chláir
- Tuairiscí ó bhéal agus i scríbhinn a sholáthar do gach páirtí leasmhar sna tionscadail, laistigh agus lasmuigh de sheirbhísí TF araon.
- Cóitseáil agus meantóireacht a chur ar fáil do bhaill foirne, rud a chabhróidh le forbairt scileanna.
- Caidrimh a bhainistiú le díoltóirí agus comhpháirtithe seachtrach i ngach céim den soláthar seirbhíse, ón uair a fhaightear é go dtí an uair a chuirtear an tseirbhís i bhfeidhm.
- Acmhainní agus saineolas teicniúil a chur ar fáil do réimsí feidhmiúla IT eile de réir mar a theastaíonn ar bhealach tráthúil chun úsáid fhoriomlán na n-acmhainní i gcláir/tionscadail éagsúla a bharrfheabhsú.
- Páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí feabhsaithe leanúnaigh, agus réitigh a chur ar fáil nuair is gá.
- Aon dualgas ábhartha eile, de réir mar a éilíonn an CIO nó a (h)ainmní, ó am go ham.

**Tuarastal: 95 Admin Off Ia_2013 (2010) (7080) €69,226 - €80,894**

Déanfar an ceapachán ar scála agus de réir threoirlínte na Roinne Airgeadais.

Tá sonraí maidir le hincháilitheacht chun dul san iomaíocht agus faisnéis pinsin ar fáil ag https://www.ucd.ie/hr/resourcing/eligibilitytocompete/

Tá UCD tiomanta do thimpeallacht ionchuimsitheach a chruthú ina ndéantar an éagsúlacht a cheiliúradh agus ina dtugtar comhionannas deiseanna do gach duine. Cuirimid fáilte roimh iarratais ó chách, lena n-áirítear iad siúd a shamhlaíonn iad féin le haon cheann de na tréithe cosanta a leagtar síos inár mbeartas um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú. Foghlaim tuilleadh faoin Éagsúlacht ag https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/ Soláthrófar socruithe réasúnacha d'aon iarratasóir le linn an phróisis agallaimh a nochtann go bhfuil míchumas orthu nó go bhfuil siad néara-éagsúil.

**Critéir Roghnúcháin**
Tá Creat Cnuasach Post ag UCD agus tá an ról seo mar chuid de Chnuasach Post na Teicneolaíochta Faisnéise agus tagann sé le Leibhéal Gairme 5. Tá tuilleadh sonraí ar na croíchumais feidhmiúla atá leagtha amach sa Chreat Cnuasach Post ar fáil ag https://www.ucd.ie/hr/promotionsgrading/jobfamilies/

Éigeantach:

**Taithí agus Cáilíochtaí**

- 5-6 bliana de thaithí ghairmiúil ag obair i ról a bhaineann le TF, in eagraíocht mhór nó in institiúid tríú leibhéal agus cáilíocht tríú leibhéal in TF nó sa Ghnó.

- Cumas dea-thionchar a bheith agat ar dhaoine eile agus iad a stiúradh, foirne éifeachtacha a ailíniú agus a thógáil taobh istigh de TF Taighde, seirbhísí TF agus ar fud UCD araon agus obair go héifeachtach le lucht ardbhainistíochta agus le pobail acadúla agus ghnó na hOllscoile.

- **Bainistíocht Bonneagair**
    - Taithí ar thionscnaimh theicniúla a bhainistiú chun seirbhís úsáideora deiridh a chur ar fáil.
    - Taithí ar bhonneagar casta TF a chothabháil agus a fhorbairt.
    - Taithí ar shlándáil agus líonrú TF.
    - Taithí ar shaincheisteanna teicniúla ardleibhéil a fhreagairt agus a réiteach.
    - Cumas glacadh le teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn chun seirbhís fheidhmiúil a chruthú.

**Inniúlachtaí Feidhmiúla**

- **Bonneagar agus Néalríomhaireacht:** Tuiscint dhomhain ar cheann amháin de na réimsí seo a leanas: Unix OS, Windows OS, Bainistíocht Freastalaithe Fíorúla, Bainistíocht SAN, LDAP, AD, AWS, Azure, HPC, Gsuite, Ardán Néalríomhaireachta Google agus Office 365.

- **Líonrú agus Slándáil TF:** Údarás/eolas teicniúil ar cheann de na réimsí seo a leanas: Líonrú, TCPIP, DNS, DHCP, Aimsiú Ionraidh, Slándáil Chríochphointe, Feasacht Slándála, Beartas Slándála, Iniúchadh Slándála/Measúnú Riosca, agus Freagairt ar Theagmhais Slándála.

**Croíchumais**

- **<u>Athrú a Bhainistiú</u>:** An cumas cur chuige dearfach a ghlacadh agus iad ag dul i ngleic leis an obair agus le hathruithe a thagann chun cinn agus fáilte a chur roimh aiseolas maidir le feidhmíocht agus déileáil leis ar bhealach cuiditheach.

- **<u>Caidreamh a Fhorbairt</u>**: Cumas caidrimh éifeachtach oibre a fhorbairt laistigh dá réimse féin agus ar bhonn níos leithne, comhoibriú agus comhair a spreagadh le daoine eile agus comhpháirtíocht a chothú chun torthaí a bhaint amach.

- **<u>Bainistíocht Tionscadail</u>**: Cumas a chinntiú go sainítear spriocanna, cuspóirí agus critéir ratha tionscadail nó cláir go soiléir ag an tús, róil agus freagrachtaí gaolmhara, spriocanna inghnóthaithe, garspriocanna a shoiléiriú agus plean tionscadail mionsonraithe a fhorbairt agus monatóireacht chúramach a dhéanamh ar an dul chun cinn ina aghaidh.

- **<u>Páirtithe Leasmhara a Bhainistiú</u>**: Cumas an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí a thuiscint, riachtanais na bpáirtithe leasmhara a fhreagairt, ionchais a bhainistiú agus caidrimh oibre láidre le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha a fhorbairt agus a chothú.

- **<u>Ag Obair go Straitéiseach</u>**: Cumas fís a fhorbairt d'fhoireann Taighde TF i réimse na ríomhaireachta agus HPC, an fhís seo a chur i ngníomh agus í a mhíniú ar bhealaí a gcinntíonn go bhfaighidh sí tacaíocht ó dhaoine eile.

**<u>Critéir Éigeantacha mar chuid de Chlár Oibre Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe UCD</u>**

- Caithfidh iarrthóirí feasacht ar chomhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú a léiriú.

<u>Inmhianaithe:</u>

- Scileanna eagraithe oibre láidre, chomh maith taithí ar dhíoltóirí a bhainistiú agus a fháil, agus taithí ar bhainistíocht airgeadais.
- Scileanna idirphearsanta, léirithe, cumarsáide agus TF dea-fhorbartha.

**Eolas Breise:**

| | |
|---|---|
| An Ollscoil: | https://www.ucd.ie/ |
| Straitéis UCD 2020-2024: Réidh don Todhchaí | https://strategy.ucd.ie/ |
| An Coláiste/Aonad Bainistíochta: | |
| An Scoil/Oifig Chláir/Aonad: | |
| Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (EDI) ag UCD | https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/ |

**Fiosrúcháin Neamhfhoirmeálta AMHÁIN chuig:**

| | |
|---|---|
| Ainm: | |
| Teideal: | |
| Seoladh ríomphoist: | |
| Fón: | |